CINNEADH Uimh. 67/2020 ó CHOMHCHOISTE LEE

an 30 Aibreán 2020

lena leasaítear Iarscríbhinn IX (Seirbhísí Airgeadais) a ghabhann le Comhaontú LEE [2023/492]

TÁ COMHCHOISTE LEE,

Ag féachaint don Chomhaontú ar an Limistéar Eorpach Eacnamaíoch ('Comhaontú LEE'), agus go háirithe Airteagal 98 de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Rialachán (AE) Uimh. 1286/2014 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 26 Samhain 2014 maidir le doiciméid um fhaisnéis bhunriachtanach do tháirgí infheistíochta miondíola pacáistithe agus táirgí infheistíochta atá árachas-bhunaithe (PRIIPanna) ([1]), arna cheartú le IO L 358, 13.12.2014, lch. 50, tá sé le hionchorprú i gComhaontú LEE.

(2) Rialachán (AE) 2016/2340 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 14 Nollaig 2016 lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 1286/2014 maidir le doiciméid um fhaisnéis bhunriachtanach do tháirgí infheistíochta miondíola pacáistithe agus táirgí infheistíochta atá árachas-bhunaithe a mhéid a bhaineann lena dháta cur i bhfeidhm ([2]), tá sé le hionchorprú i gComhaontú LEE.

(3) Rialachán Tarmligthe (AE) 2016/1904 ón gCoimisiún an 14 Iúil 2016 lena bhforlíontar Rialachán (AE) Uimh. 1286/2014 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann le hidirghabháil táirgí ([3]), tá sé le hionchorprú i gComhaontú LEE.

(4) Rialachán Tarmligthe (AE) 2017/653 ón gCoimisiún an 8 Márta 2017 lena bhforlíontar Rialachán (AE) Uimh. 1286/2014 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le doiciméid um fhaisnéis bhunriachtanach do tháirgí infheistíochta miondíola pacáistithe agus táirgí infheistíochta atá árachas-bhunaithe (PRIIPanna) trí chaighdeáin theicniúla rialála a leagan síos maidir le cur i láthair, inneachar, athbhreithniú agus leasú doiciméad faisnéise bunriachtanaí agus maidir leis na coinníollacha chun an ceanglas a chomhlíonadh maidir le doiciméid den sórt sin a sholáthar ([4]), arna cheartú le IO L 120, 11.5.2017, lch. 31, IO L 210, 15.8.2017, lch. 16, agus IO L 176, 12.7.2018, lch. 1, tá sé le hionchorprú i gComhaontú LEE.

(5) Rialachán Tarmligthe (AE) 2019/1866 ón gCoimisiún an 3 Iúil 2019 lena leasaítear Rialachán Tarmligthe (AE) 2017/653 chun an socrú idirthréimhseach do mhonaróirí PRIIP a thairgeann aonaid de chistí dá dtagraítear in Airteagal 32 de Rialachán (AE) Uimh. 1286/2014 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle mar roghanna bunúsacha infheistíochta a ailíniú leis an tréimhse díolúine fhadaithe faoin Airteagal sin ([5]), tá sé le hionchorprú i gComhaontú LEE.

(6) Le Rialachán (AE) Uimh. 1286/2014 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, sonraítear na cásanna ina bhféadfaidh an tÚdarás Eorpach um Árachas agus Pinsin Cheirde (ÚEÁPC) toirmeasc sealadach nó srian sealadach a chur ar ghníomhaíochtaí airgeadais áirithe, agus leagtar síos na coinníollacha a ghabhann leis an toirmeasc nó leis an srian sin, i gcomhréir le hAirteagal 9(5) de Rialachán (AE) Uimh. 1094/2010 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([6]). Chun críocha Chomhaontú LEE, tá na cumhachtaí sin le feidhmiú ag Údarás Faireacháin CSTE a mhéid a bhaineann le Stáit CSTE, i gcomhréir le pointe 31h d'Iarscríbhinn IX a ghabhann le Comhaontú LEE agus faoi na coinníollacha a fhorordaítear ann. Chun comhtháthú shaineolas ÚEÁPC sa phróiseas agus comhsheasmhacht idir dhá cholún LEE a áirithiú, glacfar cinntí den sórt sin ó Údarás Faireacháin CSTE ar bhonn dréachtaí arna n-ullmhú ag ÚEÁPC, de réir mar a bheidh. Caomhnóidh sé sin na príomhbhuntáistí a bhaineann le maoirseacht ag údarás aonair.

(7) Tá na Páirtithe Conarthacha ar aon intinn go gcuirtear chun feidhme leis an gCinneadh seo an comhaontú a léiríodh i gconclúidí ([7]) Airí Airgeadais agus Geilleagair an Aontais Eorpaigh agus LEE CSTE an 14 Deireadh Fómhair 2014 maidir le Rialacháin ÚMEnna AE a ionchorprú i gComhaontú LEE.

(8) Dá bhrí sin, ba cheart Iarscríbhinn IX a ghabhann le Comhaontú LEE a leasú dá réir sin,

([1]) IO L 352, 9.2.2014, lch. 1.
([2]) IO L 354, 23.12.2016, lch. 35.
([3]) IO L 295, 29.10.2016, lch. 11.
([4]) IO L 100, 12.4.2017, lch. 1.
([5]) IO L 289, 8.11.2019, lch. 4.
([6]) IO L 331, 15.12.2010, lch. 48.
([7]) Conclúidí ón gComhairle - Airí Airgeadais agus Geilleagair an Aontais Eorpaigh agus LEE CSTE, 14178/1/14 REV 1.

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Cuirtear na pointí seo a leanas isteach i bpointe 31bfh (Rialachán Tarmligthe (AE) 2018/1229 ón gCoimisiún) d'Iarscríbhinn IX a ghabhann le Comhaontú LEE:

'31bg. **32014 R 1286**: Rialachán (AE) Uimh. 1286/2014 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 26 Samhain 2014 maidir le doiciméid um fhaisnéis bhunriachtanach do tháirgí infheistíochta miondíola pacáistithe agus táirgí infheistíochta atá árachas-bhunaithe (PRIIPanna) (IO L 352, 9.12.2014, lch. 1). arna cheartú le IO L 358, 13.12.2014, lch. 50, arna leasú le:

— **32016 R 2340**: Rialachán (AE) 2016/2340 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 14 Nollaig 2016 (IO L 354, 23.12.2016, lch. 35).

Chun críocha an Chomhaontaithe seo, tá forálacha an Rialacháin oiriúnaithe mar a leanas:

(a) Mura bhforáiltear a mhalairt sa Chomhaontú seo, comhoibreoidh an tÚdarás Eorpach um Árachas agus Pinsin Cheirde (ÚEÁPC) agus Údarás Faireacháin CSTE, malartóidh siad faisnéis agus rachaidh siad i gcomhairle le chéile chun críocha an Rialacháin, go háirithe sula ndéanfar aon ghníomhaíocht.

(b) Tagairtí do chumhachtaí ÚEÁPC faoi Airteagal 9(5) de Rialachán (AE) Uimh. 1094/2010 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle sa Rialachán, tuigfear go dtagraíonn siad, sna cásanna dá bhforáiltear i bpointe 31h d'Iarscríbhinn IX a ghabhann le Comhaontú LEE agus i gcomhréir leis an bpointe sin, do chumhachtaí Údarás Faireacháin CSTE a mhéid a bhaineann le Stáit CSTE.

(c) In Airteagal 16:

(i) i mír 1, cuirfear na focail 'nó, a mhéid a bhaineann le Stáit CSTE, Údarás Faireacháin CSTE' isteach i ndiaidh an fhocail 'ÚEÁPC';

(ii) i míreanna 2, 3, 4, 6 agus 7, cuirfear na focail 'nó, de réir mar a bheidh, Údarás Faireacháin CSTE' isteach i ndiaidh an fhocail 'ÚEÁPC';

(iii) a mhéid a bhaineann le Stáit CSTE, i mír 2, is 'Chomhaontú LEE' a léifear in ionad na bhfocal 'dhlí an Aontais';

(iv) i mír 3, cuirfear na focail 'gan an tuairim dá bhforáiltear in Airteagal 18 á heisiúint ag ÚEÁPC' in ionad na bhfocal 'gan an tuairim dá bhforáiltear in Airteagal 18 a eisiúint';

(v) i mír 5, cuirfear 'gach ceann dá cinntí gníomhaíocht a dhéanamh' in ionad 'aon chinneadh a ghlacfar chun aon ghníomhaíocht a dhéanamh';

(vi) i mír 5, cuirfear na focail 'Foilseoidh Údarás Faireacháin CSTE ar a shuíomh gréasáin fógra maidir le gach cinneadh dá chuid féin aon ghníomhaíocht a dhéanamh faoin Airteagal seo. Cuirfear tagairt d'fhoilsiú an fhógra ag Údarás Faireacháin CSTE ar shuíomh gréasáin ÚEÁPC.' isteach i ndiaidh na bhfocal 'faoin Airteagal seo.'.

(d) In Airteagal 17(2)(b), a mhéid a bhaineann le Stáit CSTE, is 'Chomhaontú LEE' a léifear in ionad na bhfocal 'dhlí an Aontais'.

(e) In Airteagal 24(2)(b), a mhéid a bhaineann le Stáit CSTE, is 'forálacha Chomhaontú LEE' a léifear in ionad na bhfocal 'dlí an Aontais'.

(f) In Airteagal 32, a mhéid a bhaineann le Stáit CSTE, is '31 Nollaig 2021' a léifear in ionad na bhfocal '31 Nollaig 2019'.

31bga. **32016 R 1904**: Rialachán Tarmligthe (AE) 2016/1904 ón gCoimisiún an 14 Iúil 2016 lena bhforlíontar Rialachán (AE) Uimh. 1286/2014 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann le hidirghabháil táirgí (IO L 295, 29.10.2016, lch. 11).

Chun críocha an Chomhaontaithe seo, tá forálacha an Rialacháin oiriúnaithe mar a leanas:

In Airteagal 1, cuirfear na focail 'nó, de réir mar a bheidh, Údarás Faireacháin CSTE' isteach i ndiaidh an fhocail 'ÚEÁPC'.

31bgb. **32017 R 0653**: Rialachán Tarmligthe (AE) 2017/653 ón gCoimisiún an 8 Márta 2017 lena bhforlíontar Rialachán (AE) Uimh. 1286/2014 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le doiciméid um fhaisnéis bhunriachtanach do tháirgí infheistíochta miondíola pacáistithe agus táirgí infheistíochta atá árachas-bhunaithe (PRIIPanna) trí chaighdeáin theicniúla rialála a leagan síos maidir le cur i láthair, inneachar, athbhreithniú agus leasú doiciméad faisnéise bunriachtanaí agus maidir leis na coinníollacha chun an ceanglas a chomhlíonadh maidir le doiciméid den sórt sin a sholáthar (IO L 100, 12.4.2017, lch. 1), arna cheartú le IO L 120, 11.5.2017, lch. 31, IO L 210, 15.8.2017, lch. 16, agus IO L 176, 12.7.2018, lch. 1, arna leasú le:

— **32019 R 1866**: Rialachán Tarmligthe (AE) 2019/1866 ón gCoimisiún an 3 Iúil 2019 (IO L 289, 8.11.2019, lch. 4).'

Airteagal 2

Is téacsanna barántúla a bheidh i dtéacsanna Rialacháin (AE) Uimh. 1286/2014, arna cheartú le IO L 358, 13.12.2014, lch. 50, agus (AE) 2016/2340 agus Rialacháin Tharmligthe (AE) 2016/1904, (AE) 2017/653, arna cheartú le IO L 120, 11.5.2017, lch. 31, IO L 210, 15.8.2017, lch. 16, agus IO L 176, 12.7.2018, lch. 1, agus (AE) 2019/1866 san Íoslainnis agus san Ioruais, téacsanna atá le foilsiú i bhForlíonadh LEE d'*Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Airteagal 3

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm an 1 Bealtaine 2020, ar choinníoll go mbeidh na fógraí uile faoi Airteagal 103(1) de Chomhaontú LEE tugtha *.

Airteagal 4

Foilseofar an Cinneadh seo i Roinn LEE, agus i bhForlíonadh LEE, d'*Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 30 Aibreán 2020.

Thar ceann Chomhchoiste LEE
An tUachtarán
Clara GANSLANDT

(*) Ní shonraítear aon cheanglas bunreachtúil.